

Dúshlán i gContae na Gaillimhe


Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhúshlán seachtaine i gCinn Mhara na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

1. dochar	a. <i>recycling</i>
2. ábhar plaisteach	b. <i>will spread</i>
3. feachtas	c. <i>campaign</i>
4. déan dá uireasa	d. <i>alternative</i>
5. athchúrsáil	e. <i>best effort</i>
6. dualgas	f. <i>damage</i>
7. cuan	g. <i>named</i>
8. dícheall	h. <i>duty, obligation</i>
9. tobhach	i. <i>henceforth</i>
10. aon úsáide	j. <i>single-use</i>
11. ainmnithe	k. <i>do without it</i>
12. scaipfidh	l. <i>plastic material</i>
13. ailtéarnach	m. <i>bay</i>
14. feasta	n. <i>levy</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

Anois féach ar an tuairisc le fáil amach an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén contae ina bhfuil Cinn Mhara agus Gort?
2. Cad a dhéanfaidh muintir Chinn Mhara ar feadh seacht lá?
3. Cén t-eolas a thugtar dúinn sa mhír faoin méid ábhar plaisteach a úsáidimid in Éirinn?
4. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Maighréad Mhic Dhónaill
Sarah Fitzpatrick
Helen Lane

5. An bhfuil an feachtas teoranta do Chontae na Gaillimhe amháin?
6. Cén fáth ar luadh *SuperValu* sa mhír?

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den tríú huair agus aimsigh sampla amháin de na haimsirí seo a leanas a bhí le cloisteáil inti:

aimsir láithreach: _____
 aimsir chaite: _____
 aimsir fháistineach: _____
 modh coinníollach: _____

Ceist 4

‘...caint mhór...’

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht **mór**?
2. Féach ar na focail eile seo a bhí sa mhír, an bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?
3. Cuir aidiachtaí ina ndiaidh anois. Tá an chéad cheann déanta duit.

dochar	(fir)	<i>dochar tromchúiseach</i>
seachtain	()	_____
úsáid	()	_____
iarracht	()	_____
feoil	()	_____
comórtas	()	_____
rialtas	()	_____
feachtas	()	_____
rogha	()	_____
siopadóireacht	()	_____

Ceist 5

‘... búistéir...’

Cen t-ainm a thugtar ar na siopaí/daoine seo a leanas:



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Déan cur síos ar an ábhar plaisteach a úsáideann tú féin i do shaol laethúil.
2. Conas is féidir leat gearradh siar ar an méid ábhar plaisteach a úsáideann tú?
3. Conas is féidir leis an Rialtas cabhrú leis an bhfeachtas, is é sin, méid an ábhair phlaistigh a úsáidimid sa tír seo a laghdú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14
f	l	c	k	a	h	m	e	n	j	g	b	d	i

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Seo thíos cúpla sampla i ngach cás:

aimsir láithreach: *tá, ní dhéantar, a úsáidimid, a bhaineanns, go bhfuilimid*
aimsir chaite: *chonaic, bhí*
aimsir fháistineach: *scaipfidh*
modh coinníollach: *go mbeadh*

Ceist 4

1. Tá an focal **caint** baininsneach.
2. agus 3.

dochar	(fir)	<i>dochar tromchúiseach</i>
seachtain	(bain)	<i>seachtain ghnóthach</i>
úsáid	(bain)	<i>úsáid mhaith</i>
iarracht	(bain)	<i>iarracht mhór</i>
feoil	(bain)	<i>feoil dhearg</i>
comórtas	(fir)	<i>comórtas bliantúil</i>
rialtas	(fir)	<i>rialtas cam</i>
feachtas	(fir)	<i>feachtas mór</i>
rogha	(bain)	<i>rogha thábhachtach</i>
siopadóireacht	(bain)	<i>siopadóireacht mhíosúil</i>

Ceist 5

Ceannaí éisc, siopa éisc
Grósaeir, siopa grósaera
Siopa glasraí
Bláthadóir, siopa bláthanna
Siopa crua-earraí
Báicéir, siopa báicéara

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo.

Maolra Mac Donnchadha

Tá caint mhór faoi láthair ar an dochar atá ábhar plaisteach a dhéanamh don timpeallacht, don fharraige go háirithe¹. Tá Cinn Mhara i ndeisceart na Gaillimhe i mbun feachtais, súil acu déanamh dá uireasa go ceann seachtaine.

Séamus Ó Scarláin

Ní dhéantar athchúrsáil ach ar aon trian den ábhar plaisteach² a úsáidimid anseo in Éirinn agus táimid ar an dream is mó a bhaineann³ úsáid as an ábhar san Aontas Eorpach. Ach tá iarracht á déanamh⁴ i gCinn Mhara athrú a chur ar an scéala seo.

Maighréad Mhic Dhónaill.

Tig linn gan plaisteach a bheith ar na torthaí agus ar b'fhéidir an fheoil. Chonaic mé le déanaí go bhfuil daoine ag teacht isteach chuig na siopaí anois agus chuig an mbúistéir áitiúil, agus iad ag tabhairt bosca lóin leo, agus an fheoil⁵ a chur isteach ansin in áit mála plaisteach a chur thart uirthi⁶.

Tuigeann siad ar fad go bhfuilimid anseo ar shuíomh iontach iontach álainn anseo, ag féachaint amach ar Chuan na Gaillimhe agus tá sé de dhualgas orainn *really*, an cuan seo a choinneáil glan agus saor ó phlaisteach más féidir linn.

Séamus Ó Scarláin

Tá ról lárnach ag an scoil áitiúil sa dúshlán seo.

Sarah Fitzpatrick, Coláiste Ard na Mara

Tá go leor suime ag gach duine de na daltaí sa tseachtain seo... bhí gach duine ag iarraidh an méid is mó páirt a ghlacadh agus rinne muid é seo mar bhí go leor comórtas againn, agus tá gach dalta sa scoil ag déanamh a dhíchill, níos lú plaistigh a úsáid.

Séamus Ó Scarláin

Chomh maith leis na hiarrachtaí atá ar bun ar an talamh, táthar ag iarraidh go mbeadh lámh ag an rialtas sa bhfeachtas⁷ seo.

Helen Lane, Feachtas Saor ó Phlaisteach Chinn Mhara

Táimid anseo i gCinn Mhara agus táimid ag iarraidh ar an⁸ Rialtas *levy* a chur ar *single-use plastic* agus stop a chur ar *plastic* nach féidir athchúrsáil a dhéanamh air, mar shampla, *plastic* ar thorthaí agus glasaí.

Séamus Ó Scarláin

Tá an Gort, i ndeisceart Chontae na Gaillimhe, ainmnithe anois ag muintir Chinn Mhara le tabhairt faoin dúshlán saor ó phlaisteach seo, agus iad ag súil go scaipfidh an feachtas go dtí bailte beaga agus móra fud fad na tíre. Chomh maith leis na hiarrachtaí sin, tá ollmhargaí ar nós *SuperValu*, ag tabhairt roghanna ailtéarnacha dá gcuid custaiméirí gan an oiread plaistigh⁹ a úsáid ina gcuid siopadóireachta feasta.

Séamus Ó Scarláin, Nuacht TG4, Cinn Mhara, i gContae na Gaillimhe.

¹ go háirithe an leagan caighdeánach

² *phlaisteach* a dúradh

³ Córas Chonnacht – clásal coibhneasta

⁴ á dhéanamh a dúradh

⁵ an feoil a dúradh

⁶ air a dúradh

⁷ Córas Chonnacht

⁸ ón a dúradh

⁹ an oiread *pllaisteach* a dúradh